Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8450/26**

**EF 124**
**ECOFIN 509**
**DELACT 74**
**ENV 391**
**SUSTDEV 30**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2495 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 21.4.2026 lena bhforlíontar Rialachán 2024/3005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na bearta agus na coimircí atá le cur chun feidhme ag soláthraithe rátálacha ESG chun a ngníomhaíochtaí rátála ESG a dheighilt óna ngníomhaíochtaí eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2495 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 2495 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.4.2026
C(2026) 2495 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 21.4.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán 2024/3005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na bearta agus na coimircí atá le cur chun feidhme ag soláthraithe rátálacha ESG chun a ngníomhaíochtaí rátála ESG a dheighilt óna ngníomhaíochtaí eile**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2024/3005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 maidir le trédhearcacht agus sláine gníomhaíochtaí rátála Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG), agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/2088 agus (AE) 2023/2859 (dá ngairtear an Rialachán maidir le rátáil ESG anseo feasta) cáilíocht na faisnéise faoi rátálacha ESG a fheabhsú, (i) trí fheabhas a chur ar thrédhearcacht saintréithe agus modheolaíochtaí rátálacha ESG, agus (ii) trí shláine mhéadaithe oibríochtaí soláthraithe rátálacha ESG agus cosc ar rioscaí coinbhleachta leasa ar leibhéal soláthraithe rátálacha ESG a áirithiú.

Le hAirteagal 16(5), den Rialachán maidir le rátáil ESG, ceanglaítear ar ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun mionsonraí na mbeart agus na gcoimircí atá le cur chun feidhme a shonrú maidir leis an maolú ar an gceanglas gnó a dheighilt agus maidir le bearta breise lena n-áirithítear, i gcás an mhaolaithe, go bhfeidhmeofar gach gníomhaíocht go neamhspleách agus nach gcruthóidh sí coinbhleachtaí iarbhír nó féideartha leasa.

Ní bheidh méadú substaintiúil ar chostais, le hais an mheastacháin a ullmhaíodh don togra, mar thoradh ar bhearta agus coimircí a shonrú a thuilleadh. Tá costas na gcaighdeán teicniúil rialála arna mheas ag ESMA i gcomhréir leis na meastacháin a rinneadh sa mheasúnú tionchair.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 1095/2010 (Rialachán ESMA), rinne ESMA comhairliúchán poiblí maidir le dréachtchaighdeáin theicniúla rialála i mí na Bealtaine 2025. Tháinig deireadh leis an gcomhairliúchán poiblí an 20 Meitheamh. Fuarthas 57 bhfreagra san iomlán ó réimse leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, comhlachais tionscail, acadóirí, soláthraithe rátálacha agus páirtithe leasmhara eile. Cuireadh Tuarascáil Chríochnaitheach ESMA maidir le Caighdeáin Theicniúla faoin Rialachán maidir le trédhearcacht agus sláine gníomhaíochtaí rátála Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais faoi bhráid sheirbhísí an Choimisiúin an 13 Deireadh Fómhair 2025.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leagtar amach le hAirteagal 1 gur cheart do gach soláthraí rátálacha ESG struchtúir eagraíochtúla agus timpeallachtaí oibre ar leithligh a chur i bhfeidhm le haghaidh fostaithe agus daoine eile a bhfuil baint acu leis an bpróiseas rátála ó aon cheann de na gníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 16(1) den Rialachán maidir le rátáil ESG, agus iad a chur faoi réir féindearbhuithe tráthrialta lena bhfianaítear neamh-rannpháirtíocht fostaithe sna gníomhaíochtaí sin.

Moltar le hAirteagal 2 go gcuirfidh soláthraithe rátálacha ESG a bhfuil sé beartaithe acu seirbhísí infheistíochta agus/nó gníomhaíochtaí árachais agus athárachais a sholáthar bearta rialála teicniúla agus inmheánacha breise chun feidhme.

Foráiltear le hAirteagal 3 go ndéanfaidh soláthraithe rátálacha ESG a bhfuil sé beartaithe acu tagarmharcanna a sholáthar, nó a sholáthraíonn na tagarmharcanna sin, coimircí sonracha breise a ghlacadh lena n-áiritheofar nach ndéanfaidh coinbhleachtaí leasa a bhaineann le gníomhaíochtaí tagarmhairc difear do chúiteamh d'fhostaithe, go ndéanfar rátálacha ESG a tháirgeadh agus a thairiscint go neamhspleách ar sholáthar tagarmharcanna, agus go ndéanfar

aon choinbhleacht iarbhír nó fhéideartha leasa a mheasúnú agus a dhoiciméadú sula ndéanfar conradh chun gníomhaíochtaí rátála ESG a sholáthar.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 21.4.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán 2024/3005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na bearta agus na coimircí atá le cur chun feidhme ag soláthraithe rátálacha ESG chun a ngníomhaíochtaí rátála ESG a dheighilt óna ngníomhaíochtaí eile**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/3005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 maidir le trédhearcacht agus sláine gníomhaíochtaí rátála Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG), agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/2088 agus (AE) 2023/2859[1], agus go háirithe Airteagal 16(5), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun nach gcruthófar coinbhleachtaí leasa a d’fhéadfadh teacht chun cinn i gcás ina raibh fostaithe an tsoláthraí rátálacha ESG a bhfuil baint dhíreach acu le próiseas measúnaithe míreanna rátáilte le bheith rannpháirteach in aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 16(1), pointí (c), (d), nó (f), de Rialachán (AE) 2024/3005, ba cheart do sholáthraithe rátálacha Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG) a áirithiú go bhfuil róil agus freagrachtaí atá sainithe go soiléir ag an bhfoireann chriticiúil sin agus go sanntar í do struchtúir ar leith laistigh den soláthraí rátálacha ESG. Chun sreabhadh neamhbheartaithe faisnéise íogaire laistigh de struchtúir nó réimsí gnó agus gníomhaíochtaí éagsúla a chosc, ba cheart do na soláthraithe rátálacha ESG sin bearta deighilte fisiceacha a chur i bhfeidhm freisin, lena n-áirítear spásanna oibre tiomnaithe a shannadh d’anailísithe rátála, i gcás na foirne sin, chun iad a dheighilt go fisiceach ó fhostaithe an tsoláthraí rátálacha ESG a bhfuil baint acu le haon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 16(1), de Rialachán (AE) 2024/3005.

(2) Ar an gcúis chéanna, na soláthraithe rátálacha ESG sin atá ag gabháil cheana féin do sheirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta, do ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa nó do ghníomhaíochtaí árachais nó athárachais, nó na soláthraithe rátálacha ESG sin a bhfuil sé beartaithe acu gabháil do na seirbhísí agus gníomhaíochtaí sin, ba cheart bearta breise a bheith i bhfeidhm acu i bhfoirm rialuithe slándála faisnéise agus rialuithe a bhaineann le líonraí, beartais agus nósanna imeachta inmheánacha, oiliúint, bearta conarthacha agus seiceálacha faireacháin ar chomhlíonadh, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar chumarsáid fostaithe a bhfuil baint acu leis an bpróiseas measúnaithe ar mhír rátáilte.

[1] IO L, 2024/3005, 12.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/3005/oj.

(3) Chun coinbhleachtaí leasa iarbhír nó féideartha a shainaithint, ba cheart coimircí breise a bheith i bhfeidhm ag soláthraí rátálacha ESG a bhfuil sé beartaithe aige tagarmharcanna a sholáthar tríd an eintiteas dlítheanach céanna, ar coimircí iad a bhaineann le luach saothair agus socruithe cúitimh fostaithe nó daoine eile a bhfuil baint dhíreach acu leis an bpróiseas measúnaithe, le rátálacha ESG a tháirgeadh agus a thairiscint, agus le socruithe réamhchonarthacha.

(4) Ós rud é go bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3005 leis an Rialachán seo, a bhfuil feidhm aige ón 2 Iúil 2026, is iomchuí dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí an dáta sin.

(5) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) faoi bhráid an Choimisiúin.

(6) Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, agus rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara féideartha agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Bearta agus coimircí atá le déanamh ag soláthraithe rátálacha ESG a sholáthraíonn aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2024/3005, nó a bhfuil sé beartaithe acu aon cheann de na gníomhaíochtaí sin a sholáthar**

Soláthraithe rátálacha Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG) a sholáthraíonn aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2024/3005, nó a bhfuil sé beartaithe acu aon cheann de na gníomhaíochtaí sin a sholáthar, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

(a) nósanna imeachta cinnteoireachta agus struchtúir eagraíochtúla a bheith i bhfeidhm acu, le línte tuairiscithe sonracha agus leithdháileadh sonrach feidhmeanna agus freagrachtaí, lena n-áirithítear nach bhfuil baint ag fostaithe a bhfuil baint dhíreach acu le próiseas measúnaithe míre rátáilte le haon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2024/3005;

(b) bearta deighilte fisicí a chur chun feidhme le haghaidh fostaithe agus daoine eile a bhfuil baint dhíreach acu leis an bpróiseas measúnaithe ar mhír rátáilte agus le haghaidh baill foirne a sholáthraíonn aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2024/3005 ar bhealach lena gcosnaítear neamhspleáchas agus neamhchlaontacht fostaithe agus daoine eile a bhfuil baint dhíreach acu leis an bpróiseas measúnaithe ar mhír rátáilte;

(c) a áirithiú go gcuirfidh fostaithe agus daoine eile a bhfuil baint dhíreach acu le próiseas measúnaithe míre rátáilte féindearbhú isteach uair amháin gach 12 mhí ina

---

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

luaitear nach bhfuil baint acu le haon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2024/3005 a sholáthar.

*Airteagal 2*

**Bearta agus coimircí i ndáil leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 16(1), pointí (d) agus (f), de Rialachán (AE) 2024/3005**

1. Agus iad rannpháirteach sna gníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 16(1), pointí (d) nó (f), de Rialachán (AE) 2024/3005, cuirfidh soláthraithe rátálacha ESG na bearta agus na coimircí seo a leanas chun feidhme:

   (a) rialuithe digiteacha lena bhforáiltear do rochtain rólbhunaithe;

   (b) rialuithe faisnéise lena gcumasaítear modhanna marcála uisce agus leibhéil aicmithe sonraí;

   (c) beartais agus nósanna imeachta chun faisnéis rúnda a bhainistiú;

   (d) oiliúint thráthrialta d'fhostaithe maidir leis an tábhacht a bhaineann le bacainní faisnéise;

   (e) oibleagáidí conarthacha lena gceanglaítear ar fhostaithe beartais inmheánacha a chomhlíonadh ar feadh a bhfostaíochta;

   (f) gníomhaíochtaí faireacháin ar chomhlíonadh chun coinbhleachtaí leasa a shainaithint.

2. Déanfaidh soláthraithe rátálacha ESG dá dtagraítear i mír 1 measúnú uair amháin gach 24 mhí ar a laghad maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na bearta agus na coimircí a chuirtear chun feidhme de bhun mhír 1 leormhaith chun críocha Airteagal 16 de Rialachán 2024/3005. I gcás ina gcinnfear leis an measúnú sin nach bhfuil na bearta agus na coimircí leormhaith, déanfaidh an comhlacht bainistíochta formhaoirseacht ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí ceartaitheacha.

*Airteagal 3*

**Bearta sonracha breise atá le déanamh ag soláthraithe rátálacha ESG a sholáthraíonn gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 16(3), pointe (c), de Rialachán (AE) 2024/3005, nó a bhfuil sé beartaithe acu iad a sholáthar**

Maidir le soláthraithe rátálacha ESG atá údaraithe ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí i gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) 2024/3005 chun tagarmharcanna a sholáthar, déanfaidh siad, sa bhreis ar na bearta agus na coimircí a leagtar síos in Airteagal 2, gach ceann díobh seo a leanas a chur chun feidhme:

(a) bearta chun a áirithiú nach ndéanfaidh coinbhleachtaí iarbhír nó féideartha leasa a eascraíonn as rannpháirtíocht an tsoláthraí rátálacha ESG i ngníomhaíocht sholáthar na dtagarmharcanna difear do na socruithe cúitimh agus meastóireachta feidhmíochta is infheidhme maidir le fostaithe agus daoine eile a bhfuil baint dhíreach acu le próiseas measúnaithe míre rátáilte;

(b) socruithe chun a áirithiú nach mbeidh táirgeadh agus tairiscint rátálacha ESG ag brath ar úsáid mheicníoch a bhaint as comhpháirteanna nó aschur tagarmhairc arb é an soláthraí rátálacha ESG an riarthóir ina leith;

(c) measúnú doiciméadaithe ar aon choinbhleacht iarbhír nó fhéideartha leasa sula ndéanfaidh an soláthraí rátálacha ESG conradh chun seirbhísí a sholáthar le haghaidh aon cheann díobh seo a leanas:

(a) mír rátáilte;

(b) eisitheoir míre rátáilte;

(c) infheisteoir a bhfuil caidreamh cliant seanbhunaithe aige leis an soláthraí rátálacha ESG nó, i gcás inarb infheidhme, le comhalta dá ghrúpa.

*Airteagal 4*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 2 Iúil 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21.4.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*